C/2024/2108

6.3.2024

Fógra le haghaidh daoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2024/2108)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid Bernard Maheshe BYAMUNGU agus Protogène RUVUGAYIMIKORE, daoine a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle iontrálacha na ndaoine thuasluaite a nuashonrú tríd an bhfaisnéis atá sna hachoimrí insinte ar na cúiseanna leis na daoine sin a liostú, arna cur ar fáil ag Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) arna mbunú de bhun rún 1533 (2004) a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, a chur leo ([3]).

Más mian leis na daoine lena mbaineann barúlacha a chur i láthair, ba cheart iad a chur isteach faoin 20 Márta 2024 chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
([2]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.
([3]) Féach na hachoimrí insinte faoi seach ón 25 Deireadh Fómhair 2023, atá ar fáil ar https://www.un.org/securitycouncil/content/bernard-maheshe-byamungu agus ar https://www.un.org/securitycouncil/content/protog%C3%A8ne-ruvugayimikore.